Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11840/26**

**ENT 195**
**MI 773**
**CHIMIE 100**
**IND 483**
**COMPET 948**
**SAN 587**
**ENV 938**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2026) 105447 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le luaidhe in urchair ghunna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 105447.

Faoi iamh.: D(2026) 105447

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D105447/07
[…](2026) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le luaidhe in urchair ghunna**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le luaidhe in urchair ghunna**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE[1], ón gCoimisiún, agus go háirithe Airteagal 68(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 srianta maidir le substaintí, meascáin agus earraí contúirteacha áirithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid. Tá srianta in iontráil 63 den Iarscríbhinn sin i ndáil le luaidhe (CAS Uimh. 7439-92-1, CE Uimh. 231-100-4) agus comhdhúile luaidhe ('luaidhe'), lena n-áirítear srian ar luaidhe in urchair ghunna i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh, srian a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/57 ón gCoimisiún[2].

(2) Aicmítear luaidhe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008[3] mar rud atá an-tocsaineach don saol uisceach, agus tocsaineach don atáirgeadh, mar gheall ar a héifeachtaí díobhálacha ar thorthúlacht agus ar fhorbairt néarchóras an fhéatais agus an linbh, rud as a n-eascraíonn damáiste buan agus caillteanas sainuimhreach intleachta. Níor sainaithníodh aon tairseach shábháilte maidir le tiúchan luaidhe nach bhfuil aon drochéifeacht ag luaidhe ar shláinte an duine fúithi. Tá baint ag luaidhe freisin le riosca méadaithe galar cardashoithíoch, galar duáin agus galar lárchóras na néaróg i ndaoine fásta. Thairis sin, má nochtar ainmhithe, go háirithe éin, do luaidhe, is féidir raon

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj.

[2] Rialachán (AE) 2021/57 ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) i dtaca le luaidhe in urchair ghunna i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh (IO L 24, 26.1.2021, lch. 19 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/57/oj).

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. IO L 353, 31.12.2008, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj.

éifeachtaí tocsaineolaíocha géara agus ainsealacha a bheith aige sin dóibh, lena n-áirítear bás[4].

(3) Is Páirtithe Conarthacha iad an tAontas agus a Bhallstáit sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine[5] (CSI). D'fhorbair an Mheitheal um Nimhiú a Chosc Treoirlínte chun an Riosca Nimhithe d'Éin Imirceacha a Chosc ('Treoirlínte '), a glacadh in 2014 le Rún CSI 11.15. Moltar sna Treoirlínte deireadh a chur de réir a chéile le húsáid luaidhe in armlón ar fud na ngnáthóg uile agus deireadh a chur de réir a chéile le húsáid luaidhe i meáchan iascaireachta i limistéir inar léiríodh go bhfuil éin imirceacha go háirithe i mbaol nimhiú luaidhe.

(4) An 16 Iúil 2019, d'iarr an Coimisiún [6] ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (an Ghníomhaireacht), de bhun Airteagal 69(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, sainchomhad ('sainchomhad Iarscríbhinn XV') a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a bhaineann le luaidhe in (i) armlón, lena n-áirítear urchair ghunna a úsáidtear i dtír-raonta seachas bogaigh agus piléir a úsáidtear i mbogaigh agus i dtír-raonta seachas bogaigh araon agus (ii) tácla iascaireachta. Níor leathnaíodh an sainordú chun úsáidí armlóin le haghaidh lámhach faoi dhíon a chumhdach, ná chun úsáidí ag na póilíní, ag an arm agus ag fórsaí slándála eile a chumhdach.

(5) An 24 Márta 2021, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht a sainchomhad Iarscríbhinn XV [7] inar tháinig sí ar an gconclúid go bhfuil riosca ag baint le luaidhe a bheith in armlón agus i dtácla iascaireachta don chomhshaol agus do shláinte an duine, go háirithe do phobail leochaileacha amhail leanaí, riosca nach rialaítear go leordhóthanach agus ar gá aghaidh a thabhairt air ar bhonn uile-Aontais. Maidir leis an riosca don chomhshaol, is é an toradh a bhíonn ar ionghabháil armlóin luaidhe-bhunaithe ('armlón luaidhe'), tromán luaidhe-bhunaithe ('tromáin luaidhe') agus baoití bréige luaidhe-bhunaithe ('baoití bréige luaidhe') neamh-in-aisghabhála ó fhiach, lámhach spóirt agus gníomhaíochtaí iascaireachta ag éin agus ainmhithe eile nimhiú agus bás ainmhithe go minic. Ina theannta sin, d'fhéadfadh carnadh luaidhe ag raonta lámhaigh spóirt a bheith ina chúis le huisce dromchla luaidhe-thruaillithe a láisteadh isteach i sruthchúrsaí áitiúla agus go bhféadfadh sé difear a dhéanamh do screamhuisce, rud a d'fhéadfadh daoine, beostoc agus fiadhúlra a nimhiú. Tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid freisin go bhfuil rioscaí ann do shláinte an duine a bhaineann le feoil ainmhithe a mharaítear le harmlón luaidhe a chaitheamh, go háirithe i gcás leanaí 7 mbliana d'aois agus níos óige, nó nuair a bhíonn armlón luaidhe nó tromáin luaidhe nó baoití bréige luaidhe á ndéanamh acu sa bhaile.

(6) Mheas an Ghníomhaireacht, má leantar de scaoileadh luaidhe ó lámhach agus iascaireacht san Aontas mar atá faoi láthair, go scaoilfear thart ar 876 000 tona luaidhe isteach sa chomhshaol sna 20 bliain amach romhainn. Leis sin, déanfar an méid seo a leanas: (i) cuirfear 135 mhilliún éan ar a laghad i mbaol nimhithe trí urchair ghunna

4 An Coiste um Measúnú Riosca (CMR) agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE), *Background document to the Opinion on the Annex XV dossier proposing restrictions on Lead in shot* [Doiciméad cúlra a ghabhann leis an Tuairim maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV ina moltar srianta ar Luaidhe in urchair], lch. 3. https://echa.europa.eu/documents/10162/28acf817-61a6-3ca6-4e85-a71ef0e07740.

5 https://www.cms.int/en/convention-text.

6 https://echa.europa.eu/documents/10162/17233/rest_lead_ammunition_COM_request_en.pdf.

7 An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, *Annex XV Restriction Report – Lead in outdoor shooting and fishing* [Tuarascáil Srianta Iarscríbhinn XV – Luaidhe i lámhach amuigh faoin aer agus in iascaireacht], 24 Márta 2021, https://echa.europa.eu/documents/10162/da9bf395-e6c3-b48e-396f-afc8dcef0b21.

luaidhe-bhunaithe a ionghabháil ('urchar gunna luaidhe'); (ii) cuirfear 14 mhilliún éan ar a laghad i mbaol nimhithe trí luaidhe a ionghabháil trí bhia a chaitheamh; agus (iii) cuirfear 7 milliún éan ar a laghad i mbaol nimhithe trí thromáin agus baoití bréige a ionghabháil. Ina theannta sin, mheas an Ghníomhaireacht go mbíonn thart ar 13,8 milliún duine ó theaghlaigh fiagaithe, lena n-áirítear 1,1 milliún leanbh 7 mbliana d'aois nó níos óige, i mbaol nochta luaidhe ó ghéimfheoil gach bliain.

(7) I bhfianaise an mhéid sin, mhol an Ghníomhaireacht srian ar luaidhe in armlón agus i dtácla iascaireachta áirithe lena n-áirítear, *inter alia*, srian ar luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid i dtiúchan atá cothrom le 1 % nó níos mó ná sin in urchair ghunna, agus srian ar úsáid luaidhe i ndiúracáin seachas urchair ghunna (amhail piléir agus millíní aerghunna) i dtiúchan atá cothrom le 1 % nó níos mó ná sin. Thairis sin, mhol an Ghníomhaireacht oibleagáidí faisnéise a fhorchur ar mhiondíoltóirí na dtáirgí sin agus oibleagáidí lipéadaithe a fhorchur ar sholáthróirí armlóin. Tá sé i gceist leis an srian atá beartaithe astaíochtaí luaidhe a laghdú thart ar 630 000 tona thar an 20 bliain tar éis a thabhairt isteach. Laghdú 72 % a bheadh i gceist leis sin i gcomparáid le cás gan an srian atá beartaithe. Chuirfeadh an srian cosc freisin ar chaillteanas sainuimhreach intleachta i dtuairim is 7 000 leanbh san Aontas in aghaidh na bliana, rud a d'fhágfadh go mbeadh coigilteas leasa thart ar EUR 70 milliún in aghaidh na bliana ann.

(8) Ina sainchomhad Iarscríbhinn XV, tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid maidir le harmlón malartach le haghaidh fiaigh (amhail urchair ghunna chruach agus bhiosmait, agus piléir chopair agus phráis): (i) go n-úsáidtear go forleathan é; (ii) go bhfuil sé indéanta go teicniúil; (iii) go bhfuil sé inchomparáide ó thaobh praghais de le harmlón luaidhe; agus (iv) go bhfuil sé níos fearr i dtaca le sláinte an duine agus le guais chomhshaoil agus le próifílí riosca ná mar atá armlón luaidhe. Maidir le lámhach spóirt le hurchair ghunna, chinn an Ghníomhaireacht go mbeadh sé indéanta cruach a chur in ionad luaidhe agus feidhmíocht inchomparáide á coinneáil, ach go mbeadh gá le formheas na gcónaidhmeanna idirnáisiúnta lámhaigh spóirt ábhartha chun aistriú den sórt sin a dhéanamh. Os a choinne sin, roghanna malartacha le haghaidh piléir luaidhe-bhunaithe ('piléir luaidhe') agus millíní aerghunna luaidhe-bhunaithe ('millíní luaidhe') i lámhach spóirt, níor measadh go raibh siad ag feidhmiú chomh maith le luaidhe. Thug an Ghníomhaireacht dá haire go bhfuil sé deacair luaidhe a ionadú i bhfeidhmeanna áirithe faoi láthair, amhail armlón lárlámhaigh de chalabra beag, armlón imeall-lámhaigh, armlón aerghunnaí, armlón le haghaidh raidhfilí béal-lódáilte, piléir le haghaidh piléir cásála miotail iomláine agus piléir cluiche rinne oscailte.

(9) Mhol an Ghníomhaireacht teacht i bhfeidhm na srianta ar earraí eile laistigh de raon feidhme shainchomhad Iarscríbhinn XV agus na hoibleagáidí faisnéise agus lipéadaithe a chur siar. Ligfeadh sé sin d'oibreoirí dul in oiriúint do na rialacha nua agus na bearta bainistithe riosca is gá a chur i bhfeidhm. Mhol an Ghníomhaireacht idirthréimhse 5 bliana maidir leis an toirmeasc ar urchair ghunna a chur ar an margadh agus a úsáid le haghaidh fiaigh. Mhol sé tréimhse cur i bhfeidhm iarchurtha maidir leis an toirmeasc ar dhiúracáin de chalabra mór agus beag le haghaidh fiaigh seachas urchair ghunna, arb í 18 mí agus 5 bliana faoi seach.

(10) Mhol an Ghníomhaireacht maolú ar an toirmeasc ar urchair luaidhe a úsáid le haghaidh lámhach spóirt, ar choinníoll go gcuirfear bearta sonracha bainistithe riosca chun feidhme ag raonta lámhaigh spóirt agus nach dtarlóidh aon ghníomhaíocht talmhaíochta ansin. Níor thacaigh an Ghníomhaireacht ach oiread le maoluithe roghnacha ar an toirmeasc ar urchair ghunna luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid i lámhach spóirt. Thacaigh an Ghníomhaireacht le toirmeasc ar urchair ghunna luaidhe a úsáid le haghaidh lámhach spóirt, ach mheas sí na maoluithe mar mhaoluithe roghnacha freisin

agus rinne sí measúnú ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann leo i gcás nár mheas an Coimisiún go raibh toirmeasc den sórt sin iomchuí agus d'éiligh sí measúnú ar an tionchar a bheadh ann dá gceadófaí úsáid leanúnach urchar gunna luaidhe le haghaidh lámhach spóirt faoi choinníollacha lena n-íoslaghdófaí na rioscaí sainaitheanta do shláinte an duine agus don chomhshaol. Áiríodh an méid seo a leanas ar na coinníollacha maidir leis an maolú roghnach: (i) ceadúnú lámhachóirí spóirt ag na Ballstáit; (ii) raonta lámhaigh spóirt a údarú ag na Ballstáit; (iii) níos mó ná 90 % de na hurchair ghunna luaidhe a scaoiltear sa raon lámhaigh a aisghabháil go minic; (iv) bearta diana a bheith ann chun uisce a chosaint ar éilliú luaidhe, agus éilliú den sórt sin a leigheas; (v) toirmeasc ar aon ghníomhaíocht talmhaíochta sa raon lámhaigh; (vi) taifid ar chomhlíonadh choinníollacha (iii) go (v); (vii) lipéadú pacáistíochta cartús agus cartúis aonair ar a bhfuil ráitis rabhaidh; agus (viii) ceanglas ar na Ballstáit líon na n-úsáideoirí ceadúnaithe, na raonta lámhaigh údaraithe agus cainníocht na n-urchar luaidhe a úsáidtear ar a gcríoch a thuairisciú don Choimisiún.

(11) Chuir an Ghníomhaireacht in iúl nár cheart feidhm a bheith ag an srian maidir le lámhach faoi dhíon, úsáidí ag póilíní agus ag an arm, ná úsáidí chun críoch slándála, mar a léirítear san iarraidh ón gCoimisiún chuig an nGníomhaireacht an 16 Iúil 2019, chomh maith le húsáidí a bhaineann le tástáil, forbairt, taighde agus imscrúdú.

(12) Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV, rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú[8] ar a togra tosaigh chun na barúlacha a fuarthas le linn an chomhairliúcháin a chur san áireamh. Go sonrach, mhol sé méadú ar an teorainn tiúchana incheadaithe le haghaidh luaidhe i ndiúracáin seachas urchair ghunna ina bhfuil copar nó cóimhiotail chopair ó níos lú ná 1 % go dtí níos lú ná 3 % de réir meáchain. Moladh é sin chun úsáid leanúnach armlóin mhalartaigh a dhéantar as prás (cóimhiotal copair) a cheadú, ina bhfuil suas le 3 % luaidhe faoi láthair. Áiríodh i sainchomhad athbhreithnithe Iarscríbhinn XV freisin maoluithe breise maidir le fiach rónta le piléir agus maidir le fiach le piléir cásála miotail iomláine, faoi choinníollacha áirithe.

(13) Níl forálacha náisiúnta i bhfeidhm ach ag líon teoranta Ballstát faoi láthair lena gcuirtear toirmeasc ar úsáid luaidhe i bhfiach agus i lámhach amuigh faoin aer chun astaíochtaí luaidhe agus nochtadh do luaidhe a laghdú. Léiríodh i sainchomhad Iarscríbhinn XV go bhfuil gá le gníomhaíocht uile-Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le luaidhe in armlón chun leibhéal comhchuibhithe cosanta a áirithiú ar fud an Aontais.

(14) An 2 Meitheamh 2022, ghlac Coiste um Measúnú Riosca (CMR) na Gníomhaireachta tuairim de bhun Airteagal 70 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV. Sa tuairim uaidh, d'aontaigh CMR le conclúid na Gníomhaireachta go mbaineann raon leathan rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol araon le húsáid armlóin luaidhe, lena n-áirítear urchair ghunna, i bhfiach agus i lámhach amuigh faoin aer. Tháinig CMR ar an gconclúid gurbh í an srian a mhol an Ghníomhaireacht an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta.

(15) Thacaigh CMR go láidir le hidirthréimhse níos giorra ná na 5 bliana a mhol an Ghníomhaireacht chun srian a chur le hurchair ghunna a úsáid i bhfiach toisc go bhfuil

---

[8] An Coiste um Measúnú Riosca (CMR) agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE), *Background Document to the Opinion on the Annex XV dossier proposing restrictions on lead in outdoor shooting and fishing* [Doiciméad Cúlra a ghabhann leis an Tuairim maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV ina moltar srianta ar luaidhe i lámhach amuigh faoin aer agus in iascaireacht], lch. 20, https://echa.europa.eu/documents/10162/14c4fceb-31b4-aea2-a9b5-75cdccf8013f.

urchair ghunna luaidhe a úsáid i mbogaigh á rialáil cheana féin san Aontas ina iomláine agus dá ghiorra an idirthréimhse is ea is lú luaidhe a scaoiltear isteach sa chomhshaol.

(16) Níor thacaigh CMR leis na maoluithe roghnacha maidir le hurchair ghunna luaidhe a chur ar an margadh agus i dtaca le hurchair ghunna luaidhe a úsáid le haghaidh lámhach spóirt. Mheas sé go dtiocfadh méadú ar chastacht fhorfheidhmiú an tsriain atá beartaithe, chomh maith leis an srian ar luaidhe in urchair ghunna i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/57 ón gCoimisiún, dá dtabharfaí na maoluithe roghnacha sin isteach. Mar sin féin, dá ndeonófaí na maoluithe sin, chuir CMR in iúl go dtacódh sé leis an moladh ó Choiste na Gníomhaireachta um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE) gur cheart a raon feidhme a theorannú do mhéideanna urchair idir 1,9 mm agus 2,6 mm.

(17) Thacaigh CMR leis na ceanglais lipéadaithe agus faisnéise a mhol an Ghníomhaireacht maidir le luaidhe in armlón. Mar sin féin, mhol CMR mearbhall a sheachaint tríd an teorainn tiúchana luaidhe lena spreagfaí na ceanglais a mhéadú ó 0,3 % go 1 % de réir meáchain, chun í a ailíniú leis an teorainn tiúchana lena spreagtar an toirmeasc ar chur ar an margadh agus ar úsáid.

(18) An 1 Nollaig 2022, ghlac CMR tuairim fhorlíontach, arna iarraidh sin do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta agus i gcomhréir le hAirteagal 77(3), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006[9]. Sa tuairim sin, rinneadh athmheasúnú ar mheastóireacht CMR ar thacar sonraí sonrach a bhaineann le luaidhe a bheith i ngéimfheoil agus le hiontógáil géimfheola ag an duine, ar tacar sonraí é a chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ar fáil. D'athdhearbhaigh CMR a chonclúid go bhfuil riosca measartha go riosca ard ag baint le nochtadh do luaidhe i ngéimfheoil do leanaí i dteaghlaigh fiagaithe ach gur dócha go bhfuil rioscaí ísle ann do dhaoine fásta.

(19) An 2 Nollaig 2022, ghlac CASE tuairim de bhun Airteagal 71(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Tháinig sé ar an gconclúid gurbh é an srian atá beartaithe an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta mar a chinn CMR, ar choinníoll go modhnaítear na coinníollacha mar a mhol CASE. Cuirtear san áireamh sa chonclúid comhréireacht shochair shocheacnamaíocha an bhirt lena chostais shocheacnamaíocha.

(20) Thacaigh CASE le tuairim CMR, maidir leis an srian ar urchair ghunna luaidhe a úsáid i bhfiach, go mbeadh údar le hidirthréimhse i bhfad níos giorra ná na 5 bliana a mhol an Ghníomhaireacht toisc nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann go mbeadh gá le 5 bliana chun méideanna táirgeachta armlóin mhalartaigh a mhéadú chun urchair ghunna luaidhe a ionadú i bhfiach. Thacaigh an fhaisnéis a bhí ar fáil leis an argóint go bhféadfaí na méideanna urchar gunna luaidhe a úsáidtear le haghaidh fiaigh a ionadú níos luaithe. Ní raibh fianaise shubstainteach inchreidte ar fáil do CASE chun teacht ar chonclúid maidir le fad sonrach na hidirthréimhse, mheas sé dá bhrí sin gur 18 mí a bheadh san íostréimhse is gá chun aistriú rianúil chuig roghanna malartacha a áirithiú.

---

9 An Coiste um Measúnú Riosca (CMR), *Request by the Executive Director of ECHA under Article 77(3)(c) of REACH to prepare a supplementary opinion on the restriction dossier on lead in outdoor shooting and fishing* [Iarraidh ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin ECHA faoi Airteagal 77(3)(c) de REACH chun tuairim fhorlíontach a ullmhú maidir leis an sainchomhad srianta ar luaidhe i lámhach agus iascaireacht amuigh faoin aer], an 1 Nollaig 2022, https://echa.europa.eu/documents/10162/e0a5c108-a7ed-dbd3-67ce-d00a6470d8ce.

(21) Chun é a dhéanamh níos éasca an toirmeasc ar urchair ghunna luaidhe a úsáid i bhfiach a fhorfheidhmiú, mhol CASE toirmeasc ar urchair ghunna den chineál sin a iompar le linn fiaigh nó ag dul ag fiach.

(22) Chun éifeachtacht an tsriain atá beartaithe a uasmhéadú, mhol CASE na maoluithe roghnacha le haghaidh urchair ghunna luaidhe le haghaidh lámhach spóirt a theorannú do mhéideanna urchair idir 1,9 mm agus 2,6 mm toisc gurb iad sin na méideanna urchar a úsáidtear don ghníomhaíocht sin.

(23) Maidir leis an toirmeasc ar armlón luaidhe a úsáid in airm thine béal-lódáilte nó in airm thine stairiúla eile, thug CASE dá aire nach bhfuil roghanna malartacha neamhluaidhe ar fáil go fóill lena n-úsáid in airm thine stairiúla. Mar sin féin, mheas sé nach bhféadfaí teacht ar chonclúid maidir le cé acu a bheadh nó nach mbeadh údar le maolú ar an úsáid sin ar bhonn luachanna cultúrtha, mar a moladh le linn an chomhairliúcháin phoiblí, mar gheall ar easpa faisnéise maidir leis na tionchair shocheacnamaíocha a bheadh ag maolú den sórt sin.

(24) Ní raibh dóthain faisnéise ag CASE chun teacht ar chonclúid i dtaobh an mbeadh údar iomlán leis an gcostas a bhaineann le faisnéis a sholáthar ag an díolphointe mar a mhol an Ghníomhaireacht agus le tacaíocht ó CMR, nó an bhféadfadh bearta oideachais eile tionchar níos éifeachtaí a imirt ar ghnásaíocht cheannaigh. D'aontaigh CASE le CMR, maidir leis an teorainn tiúchana 1 % de réir meáchain a moladh chun srian a chur le harmlón luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid, gur cheart feidhm a bheith aige sin maidir le ceanglais lipéadaithe agus faisnéise freisin chun mearbhall a sheachaint agus chun cuidiú le forfheidhmiú. Mheas CASE go mbeadh forfheidhmiú sa réimse níos éifeachtaí dá sainaithneofaí cartúis urchar gunna luaidhe aonair trí bhíthin marcálacha nó dathchódú. Mar sin féin, ní raibh dóthain faisnéise aige chun teacht ar chonclúid maidir le hindéantacht theicniúil, na costais a bhí i gceist agus praiticiúlacht marcálacha nó dathchódaithe den sórt sin.

(25) Chuathas i gcomhairle leis an bhFóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú (an 'Fóram') i gcomhréir le hAirteagal 77(4), pointe (h), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Cuireadh na moltaí uaidh san áireamh.

(26) An 27 Feabhra 2023, chuir an Ghníomhaireacht tuairim CMR agus CASE [10] faoi bhráid an Choimisiúin.

(27) Agus sainchomhad Iarscríbhinn XV, tuairim CMR agus CASE, an tionchar socheacnamaíoch agus infhaighteacht roghanna malartacha á gcur san áireamh, measann an Coimisiún go bhfuil riosca do-ghlactha ann don chomhshaol agus do shláinte an duine de thoradh úsáid armlóin luaidhe, go háirithe urchair ghunna, agus tácla iascaireachta luaidhe. Is gá aghaidh a thabhairt ar an riosca sin ar fud an Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, srian a thabhairt isteach maidir le cur ar an margadh agus úsáid armlóin agus tácla iascaireachta den sórt sin. Chun castacht a laghdú agus soiléireacht dhlíthiúil a mhéadú áfach, measann an Coimisiún gur cheart dó an srian ar armlón luaidhe agus tácla iascaireachta luaidhe, mar a mholtar i sainchomhad Iarscríbhinn XV, a chumhdaítear i dtuairimí CMR agus CASE, agus a ndearnadh measúnú air i gcomhairle an Fhóraim, a ghlacadh trí bhíthin dhá rialachán ar leithligh.

---

10 An Coiste um Measúnú Riosca (CMR) agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE), *Opinion on an Annex XV dossier proposing restrictions on lead and its compounds* [Tuairim maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV ina moltar srianta ar luaidhe agus ar a comhdhúile], an 2 Nollaig 2022, https://echa.europa.eu/documents/10162/2c82ef18-ce5d-4b4f-8ff0-002932154acc.

(28) Ba cheart feidhm a bheith ag an srian ar luaidhe in armlón ar armlón ina bhfuil tiúchan luaidhe 1 % nó níos mó de réir meáchain. Is é sin an teorainn tiúchana a leagtar síos sa srian in iontráil 63 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le luaidhe in urchair ghunna i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh, chun baol mór tocsaineachta d'éin imirceacha agus d'fhiadhúlra eile agus dá ngnáthóga a chosc. Thairis sin, meastar gur leor an teorainn tiúchana 1 % chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sainaitheanta agus gur féidir le táirgeoirí roghanna malartacha í a bhaint amach go héasca, ós rud é gur dócha go mbeidh luaidhe mar eisíontas i gcuid de na roghanna malartacha sin.

(29) Thug an Coimisiún dá aire tuairim CMR agus CASE gur cheart don idirthréimhse maidir le srian a chur ar urchair ghunna luaidhe a úsáid i bhfiach a bheith níos giorra ná na 5 bliana a mhol an Ghníomhaireacht, ach gan bheith níos giorra ná 18 mí. Agus an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair á cur san áireamh, staid a bhfuil athrú mór tagtha uirthi i gcomparáid leis an staid a bhí ann nuair a ghlac CMR agus CASE a dtuairimí, ní féidir leis an gCoimisiún a bheith cinnte go mbeidh méideanna leordhóthanacha táirgeachta armlóin mhalartaigh ar fáil chun urchair ghunna luaidhe i bhfiach a ionadú fiú laistigh den idirthréimhse 5 bliana a mhol an Ghníomhaireacht. Measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí idirthréimhse 7 mbliana chun an srian a chur i bhfeidhm maidir le hurchair ghunna luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid le haghaidh fiaigh. Measann an Coimisiún freisin gur cheart millíní is féidir a sceitheadh ó ghránghunna a áireamh sa sainmhíniú ar urchair ghunna ach nár cheart slugaí a áireamh ann agus ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an tsriain.

(30) Aontaíonn an Coimisiún le CASE go bhfuil gá le toirmeasc ar urchair ghunna luaidhe a iompar le linn fiaigh nó ag dul ag fiach chun forfheidhmiú an tsriain ar armlón ina bhfuil tiúchan luaidhe 1 % nó níos mó de réir meáchain a éascú.

(31) Aithníonn an Coimisiún conclúidí CASE go bhfuil srian ar philéir luaidhe le haghaidh fiaigh agus lámhach spóirt comhréireach agus go bhfuil roghanna malartacha ar luaidhe ar fáil le haghaidh fiaigh, go háirithe le haghaidh piléir lárlámhaigh ag a bhfuil calabra atá cothrom le 5,6 mm nó níos mó ná sin. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, gurb iad piléir, lena n-áirítear piléir luaidhe, an príomharmlón a úsáidtear chun críoch cosanta, agus go ndearnadh anailís CASE ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag srian a chur le piléir luaidhe ar chumais chosanta an Aontais i gcomhthéacs geopholaitiúil atá thar a bheith éagsúil ná mar atá ann anois. Ó tugadh tuairim CASE chun críche i mí na Nollag 2022, chuir forbairtí idirnáisiúnta i dtábhacht gur gá don Aontas a ullmhacht cosanta agus a chumas cosanta a neartú mar fhreagairt ar bhagairtí atá ag dul i méid. In 2025, chuir an Coimisiún straitéis i láthair chun ullmhacht cosanta a bhaint amach faoi 2030, trí Pháipéar Bán maidir le Cosaint na hEorpa[11] agus trí Phlean ReArm Europe / Ullmhacht 2030, arb é is aidhm di infheistíochtaí cosanta agus cumais chosanta an Aontais a mhéadú go tapa agus go mór. Áiríodh sa straitéis, i measc nithe eile, gníomhaíochtaí lena dtacaítear le stoc-charnadh straitéiseach piléar, lena n-áirítear piléir luaidhe, agus lena n-áirithítear acmhainneacht thionsclaíoch leordhóthanach chun armlón a athsholáthar go tráthúil i gcás inar gá. I bhfianaise an mhéid sin, agus tar éis plé a dhéanamh leis na Ballstáit le linn an phróisis cinnteoireachta, measann an Coimisiún gurb iomchuí agus gur gá piléir a eisiamh ó raon feidhme an tsriain chun aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann, dá laghad é, ar tháirgeadh piléar luaidhe a chosc.

[11] An Coimisiún Eorpach. Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa. https://commission.europa.eu/document/download/e6d5db69-e0ab-4bec-9dc0-3867b4373019_en?filename=White%20paper%20for%20European%20defence%20–%20Readiness%202030.pdf

Trí raon feidhme an tsriain a theorannú d'urchair ghunna luaidhe, áiritheofar fós ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ar nochtadh do luaidhe. Ar bhonn mheastacháin na Gníomhaireachta, is é 8 232 thona thar 20 bliain an laghdú ar astaíochtaí luaidhe a bhfuil coinne leis ó thoirmeasc a chur ar philéir luaidhe a úsáid le haghaidh fiaigh agus lámhach spóirt amuigh faoin aer. Tá sé sin i bhfad níos lú ná an laghdú ar astaíochtaí luaidhe a bhfuil coinne leis s ó thoirmeasc a chur ar urchair ghunna luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid, *i.e.* 558 000 tona thar 20 bliain. Dá bhrí sin, ní bheidh ach éifeacht íosta ag piléir a eisiamh ón raon feidhme ar éifeachtacht fhoriomlán an tsriain.

(32) Ní mheasann an Coimisiún go bhfuil údar maith ann go mbeadh millíní aerghunna a úsáidtear le haghaidh fiaigh nó lámhach spóirt faoi réir an tsriain sin. Níl roghanna malartacha ar mhillíní luaidhe aerghunna ar fáil ach i gcainníochtaí ísle, níl siad cruinn agus tá costais suas le ceithre oiread níos mó ná millíní luaidhe aerghunna orthu. Ina theannta sin, d'aontaigh an Ghníomhaireacht agus CMR araon nach mbeadh ach laghdú beag ar astaíochtaí luaidhe mar gheall ar shrian ar mhillíní luaidhe a úsáidtear in aerghunnaí. Ní laghdódh sé na rioscaí do dhaoine ach oiread toisc go n-úsáidtear millíní luaidhe aerghunna den chuid is mó chun lotnaidí nach n-itear a mharú, agus dá bhrí sin, níl aon riosca ann ar fud an Aontais do dhaoine giotaí luaidhe ó mhillíní aerghunna a ionghabháil.

(33) Aontaíonn an Coimisiún go n-éascófaí forfheidhmiú dá gcuirfí toirmeasc iomlán ar urchair ghunna luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid le haghaidh lámhach spóirt mar a mhol an Ghníomhaireacht agus le tacaíocht ó CMR agus CASE. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go ndéanfadh an toirmeasc difear don deis a bheadh ag na Ballstáit na Cluichí Oilimpeacha agus comórtais idirnáisiúnta eile a óstáil ina bhfuil sé sainordaitheach luaidhe a úsáid. Chuirfeadh sé cosc freisin ar lúthchleasaithe oiliúint a fháil maidir le hurchair ghunna luaidhe sna Ballstáit. Measann an Coimisiún go bhféadfadh sé a bheith indéanta aistriú chuig armlón malartach (amhail lámhach cruach) i lámhach spóirt san fhadtéarma. Mar sin féin, ar an gcaoi chéanna le hurchair ghunna luaidhe le haghaidh fiaigh, ní léir cé acu a bheidh nó nach mbeidh méideanna leordhóthanacha táirgeachta armlóin mhalartaigh ar fáil le cur in ionad urchair ghunna luaidhe le haghaidh lámhach spóirt laistigh den idirthréimhse 5 bliana a mhol an Ghníomhaireacht. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart cur i bhfeidhm an tsriain ar urchair ghunna luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid le haghaidh lámhach spóirt a chur siar 7 mbliana.

(34) Ós rud é go bhfuil uainiú ionadú luaidhe i lámhach spóirt thar a bheith éiginnte, tá údar le maolú gan teorainn ama don úsáid sin. Mar a mhol CASE, ba cheart an maolú a theorannú do mhéideanna urchar gunna idir 1,9 mm agus 2,6 mm, arb iad an t-aon chalabra amháin a úsáidtear i gcomórtais. Ba cheart an maolú a bheith ag brath freisin ar bhearta bainistithe riosca iomchuí a bheith ann, sa raon lámhaigh ina dtarlaíonn an lámhach spóirt, chun imshrianadh luaidhe a áirithiú agus chun scaoileadh luaidhe a theorannú araon. Measann an Coimisiún gurb iomchuí idirthréimhse 7 mbliana le haghaidh raonta lámhaigh chun na bearta bainistithe riosca is gá a shuiteáil, toisc go dteastaíonn am leordhóthanach uathu chun na bearta sin a chur chun feidhme ar an láthair, lena n-áirítear an t-am chun na ceadanna is gá a fháil agus chun nósanna imeachta tairisceana a chur i gcrích, i gcás inar gá. Ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí an oibleagáid níos mó ná 90 % de na hurchair ghunna luaidhe chaite a aisghabháil a áireamh i measc na mbeart sainordaitheach bainistithe riosca, ós rud é go bhfuil sé an-deacair ráta aisghabhála chomh hard sin a bhaint amach mar gheall ar thoisí beaga na n-urchar gunna agus an limistéar leathan ina scaoiltear na hurchair ghunna. Ina

theannta sin, ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí go ndéanfadh na Ballstáit ceadúnú sainordaitheach ar úsáideoirí raonta lámhaigh spóirt, rud a mheasann sé a bheith rómhaorlathach agus ródhian ó thaobh saothair de. Mar sin féin, measann an Coimisiún gurb iomchuí go n-áireofaí, mar a mhol an Ghníomhaireacht, an oibleagáid uisce draenála (lena n-áirítear uisce dromchla a ritheann chun srutha) ó limistéir imbhuailte urchar gunna a imshrianadh, faireachán a dhéanamh air agus, i gcás inar gá, é a chóireáil agus an toirmeasc ar aon úsáid talmhaíochta laistigh de theorainn raoin lámhaigh. Measann an Coimisiún freisin gurb iomchuí bearta breise bainistithe riosca a chur san áireamh arb é is aidhm dóibh leibhéal cosanta a áirithiú atá inchomparáide le leibhéal cosanta na mbeart atá beartaithe ag an nGníomhaireacht, is é sin an méid seo a leanas a chur chun feidhme: (i) dhá bheart shonracha imshrianta luaidhe ar a laghad (ballaí, beirmeacha nó bainc, líonta nó cuirtíní urchair, agus clúdach dromchla); (ii) faireachán ar pH agus, i gcás inar gá, limistéir imbhuailte urchar gunna a chóireáil; agus (iii) úsáid urchar gunna luaidhe a theorannú do bhaill de chónaidhm lámhaigh spóirt. Ba cheart do raonta lámhaigh spóirt faoin aer urchair ghunna luaidhe chaite a aisghabháil uair amháin gach 3 bliana ar a laghad. Ina theannta sin, ba cheart dóibh taifid a choimeád ar na hurchair ghunna luaidhe a chaitear agus a aisghabhtar ar a n-áitreabh, agus ar na daoine a scaoileann na hurchair ghunna sin, chun forfheidhmiú a éascú agus chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart bainistithe riosca chun astaíochtaí luaidhe a íoslaghdú. Chuige sin, ba cheart do na raonta lámhaigh spóirt amuigh faoin aer an fhaisnéis sin a chur ar fáil d'údaráis fhreagracha na mBallstát arna iarraidh sin dóibh. Measann an Coimisiún freisin gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar na maoluithe le haghaidh lámhach spóirt tar éis 10 mbliana chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo aistriú uile-Aontais chuig roghanna malartacha i lámhach spóirt a bhaint amach.

(35) Measann an Coimisiún gurb iomchuí maoluithe a cheadú ar an srian ar urchair ghunna luaidhe a scaoiltear ó airm thine stairiúla amhail airm thine béal-lódáilte agus a macasamhlacha nua-aimseartha, toisc nach bhfuil aon armlón malartach oiriúnach ann nach mbeadh an baol ann go ndéanfadh sé dochar doleigheasta dóibh. Ina theannta sin, d'aithin CMR go bhfuil a n-úsáid teoranta ó thaobh méide de agus go mbeadh tionchar íseal ag an maolú ar laghdú foriomlán riosca dá bhrí sin.

(36) Aontaíonn an Coimisiún le CMR agus leis an nGníomhaireacht go bhfuil údar le ceanglas ar mhiondíoltóirí faisnéis a thaispeáint ag díolphointí fisiceacha agus ar líne, agus ar phacáistíocht, chun rabhadh a thabhairt d'úsáideoirí maidir leis na rioscaí a bhaineann le húsáid a bhaint as urchair ghunna luaidhe. Mar sin féin, ba cheart an ráiteas atá le cur ar an bpacáistíocht a bheith níos giorra ná an ráiteas a mhol an Ghníomhaireacht, chun gur féidir é a chur ar phacáistíocht bheag agus chun an gá lena chur ar lipéid aisfhillteacha, ar bhileog nó ar chlib cheangail a laghdú.

(37) Chun cur chun feidhme rianúil tráthúil an tsriain a éascú, agus chun gur féidir le baill de chónaidhmeanna lámhaigh spóirt raonta lámhaigh spóirt a shainaithint go héasca inar féidir leo oiliúint a fháil maidir le hurchair ghunna luaidhe, ba cheart do na Ballstáit liosta de raonta lámhaigh spóirt amuigh faoin aer atá lonnaithe ar a gcríoch a chur ar fáil go tapa, ar raonta lámhaigh spóirt iad a bhfuil bearta bainistithe riosca iomchuí curtha chun feidhme acu chun imshrianadh luaidhe a áirithiú agus scaoileadh luaidhe sa chomhshaol a theorannú.

(38) Níor cheart feidhm a bheith ag an srian sin maidir le húsáidí urchar gunna luaidhe nár áiríodh i sainordú an Choimisiúin don Ghníomhaireacht an 16 Iúil 2019 agus i sainchomhad Iarscríbhinn XV na Gníomhaireachta, is é sin na húsáidí seo a leanas: (i) lámhach faoi dhíon; (ii) úsáidí ag na póilíní agus ag forfheidhmiú an dlí, agus

feidhmeanna slándála eile; (iii) feidhmeanna míleata agus cosanta; (iv) bonneagair chriticiúla, loingseoireacht tráchtála nó conbhuanna ardluacha a chosaint; (v) foirgnimh phoiblí agus spás poiblí a chosaint; (vi) féinchosaint; (vii) tástáil theicniúil agus promhadh gunnaí agus armlóin; (viii) taighde nó imscrúdú stairiúil agus teicniúil; agus (ix) tástáil agus forbairt ábhar agus táirgí le haghaidh cosaint bhalaistíoch agus anailís fhóiréinseach. Ar an gcúis chéanna, níor cheart feidhm a bheith ag an srian maidir le luaidhe a úsáid i bpriméir agus in ascairt.

(39) Tá forálacha náisiúnta i bhfeidhm ag roinnt Ballstát chun an comhshaol nó sláinte an duine a chosaint, ar forálacha iad lena gcuirtear toirmeasc nó srian ar úsáid luaidhe in urchair ghunna agus atá níos déine ná na forálacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Dá gceanglófaí ar na Ballstáit sin an leibhéal cosanta atá acu cheana ar nochtadh do luaidhe a laghdú chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, d’fhéadfadh sé go mbainfí úsáid níos mó as luaidhe sna Ballstáit sin. Ní bheadh an toradh sin ag luí leis an ardleibhéal cosanta a cheanglaítear le hAirteagal 114(3) den Chonradh. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit forálacha níos déine a choinneáil ar bun lena gcuirtear srian ar luaidhe a úsáid in urchair ghunna agus air sin amháin.

(40) I bhfianaise na bhforálacha níos leithne maidir le luaidhe in urchair ghunna a thugtar isteach leis an Rialachán seo agus chun a dhóthain ama a thabhairt do mhonaróirí agus d’úsáideoirí aistriú chuig foirmeacha malartacha armlóin, ba cheart feidhm a bheith ag míreanna 11 go 14 d’iontráil 63 d’Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 go dtí [*Oifig na bhFoilseachán*: *cuir isteach dáta 7* ***mbliana*** *tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*

(41) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir.

(42) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna chur ar bun faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*